

North/South Ministerial Council
Joint Secretariat



An Chomhairle Aireachta
Thuaidh/Theas
An Chomhrúnaíocht

PÁIPÉAR CATT LAN 1 (10) JC

AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH THEAS

FORMÁID RANNACH AN FHORAIS TEANGA

OIFIGÍ CHOMHHRÚNAÍOCHT NA COMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH THEAS ARD MHACHA

26 BEALTAINÉ 2010

COMHRÁITEAS

1. Tionóladh an deichiú cruinniú den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas i bhformáid rannach an Fhorais Teanga in Ard Mhacha ar an 26 Bealtaine 2010. I láthair ag an gcruinniú bhí Pádraig Ó Ciardha T.D, an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Nelson McCausland MLA, an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, agus Caitriona Ruane, MLA, an tAire Oideachais. Bhí an tAire Ó Ciardha ina chathaoirleach ar an gcruinniú. Dhéileáil an cruinniú le saincheistanna a bhaineann leis an bhForas Teanga agus lena dhá chomhghníomhaireacht, Tha Boord o Ulstèr Scotch (Gníomhaireacht na hUltaise) agus Foras na Gaeilge.

Tuarascálacha ar Dhul Chun Cinn

2. Fuair an Chomhairle tuarascálacha ar dhul chun cinn ó Fhoras na Gaeilge agus ó Ghníomhaireacht na hUltaise ar fhorbairtí i 2010. Nótáil na hAirí an comhoibriú leanúnach idir na Gníomhaireachtaí, lena n-áirítear:

- sraith léachtaí a eagrú ar “*Ár nOidhreacht Choiteann*” i gComhairle Dhún Geanainn agus Thír Eoghain Theas agus i nDoire, agus socrúithe ar na bacáin chun an sraith a thairiscint ar bhonn níos forleithne mar aon le léacht bhreise a chur san áireamh maidir le Teitheadh agus Plandáil.
- léiriú “*The Hamley Tongue - Cultúr Ceilte*” ar TG4 ar 20ú Eanáir 2010 a léirigh teanga na hUltaise ar bhealach cothrom agus féaráilte agus a chuirfidh le feasacht agus tuiscint na hUltaise i measc lucht labhartha na Gaeilge.

Nótáil na hAirí freisin an dul chun cinn atá déanta ag na Gníomhaireachtaí, lena n-áirítear:

- Scéim nua d'Oibrithe Pobail tugtha isteach ag Tha Boord o Ulstèr Scotch ar mhaithe le cumas sna grúpaí pobail a fheabhsú agus riarthóirí áitiúla ceaptha ar bhonn páirtaimseartha in 8 eagrais pobail agus deonach;
- tús curtha le hathbhreithniú neamhspleách ar na heagrais a fhaigheann bunmhaoiniú ó Ghníomhaireacht na hUltaise; agus
- foilsiú nuachtán Gaeilge seachtainiúil nua, Gaelscéal, mar aon le hábhar oideachasúil eile.

Plean Gnó agus Buiséad 2010 an Fhorais Teanga

3. Phlé an Chomhairle tosaíochtaí don dá Ghníomhaireacht i 2010 agus an dul chun cinn maidir le bailchríoch a chur leis na pleananna gnó agus na buiséid.

Gníomhaireacht na hUltaise

4. Nótáil an Chomhairle an feabhas i rialú corparáideach agus i bhfreagracht laistigh den Ghníomhaireacht ó Nollaig 2009. Aontaíodh go gcuirfí síneadh le hainmniú an Phríomhfheidhmeannaigh Eatramhaigh go dtí deireadh Nollaig 2010 agus nótáladh an próiseas earcaíochta chun Príomhfheidhmeannach substainteach a cheapadh do Ghníomhaireacht na hUltaise.

Foirniú agus Dílárú Fhoras na Gaeilge

5. Nótáil na hAirí forbairtí le gairid i ndáil le hearcaíocht, ina measc, go bhfuil 5 thairiscint ar phost déanta le haghaidh Ghaoth Dobhair agus 4 thairiscint ar phost déanta le haghaidh Bhaile Átha Cliath. Cheadaigh an Chomhairle foireann bhreise ar conradh d'Fhoras na Gaeilge i ndáil le tionscadal an Fhoclóra Béarla-Gaeilge, faoi réir chead na nAirí Airgeadais agus go n-íofar an costas trí ath-leithdháileadh a dhéanamh ar mhaoiniú laistigh de bhuiséid cheadaithe.

Comhaltaí Boird Nua a Cheapadh don Fhoras Teanga

6. Cheadaigh an Chomhairle ceapachán Michael McLoone do Ghníomhaireacht na hUltaise agus síneadh do cheapacháin John Hunter agus Tony Crooks don Bhord sin.

Athbhreithniú Fhoras na Gaeilge ar na hEagraíochtaí Bhunmhaoinithe

7. Nótáil an Chomhairle moltaí go ndéanfaí maoiniú ar earnáil na Gaeilge sa todhchaí ar bhonn líon áirithe scéimeanna ar leith. Comhaontaíodh i bprionsabal go bhfuil na moltaí seo laistigh de pharaméidéir chinneadh na CATT i Nollaig 2009. Shocraigh na hAirí go rachadh feidhmeannaigh ó na Ranna Urraíochta i mbun oibre le Foras na Gaeilge chun chomhaontú a fháil faoi dheireadh Mheithimh 2010 ar mhionshonraí na moltaí seo agus amscála lena gcur i gcrích. Ach chomhaontú dá réir a fháil faoi dheireadh Mheithimh, d'aontaigh na hAirí go bhféadfadh Foras na Gaeilge maoiniú eatramhach a chur ar fáil do na heagrais bhunmhaoinithe reatha go dtí deireadh Nollag 2010. Dhéanfaí an cheist maidir le tuilleadh maoinithe eatramhaigh a chur ar fáil tar éis deireadh 2010 a phlé ag an gcéad chruinniú CATT eile i bhformáid rannach an Fhorais Teanga i bhfianaise an dul chun cinn ar an gcur i bhfeidhm san idirlinn. Chuaigh Foras na Gaeilge i dteagmháil leis an earnáil agus an t-athbhreithniú ag dul ar aghaidh agus beidh tuilleadh comhairliúcháin le linn an t-athbhreithniú á chur i bhfeidhm.

Cur i láthair ó Fhoras na Gaeilge agus ó Ghníomhaireacht na hUltaise

8. Ghlac an Chomhairle le cur i láthair ó Fhoras na Gaeilge maidir le húsáid na nuatheicneolaíochta agus forbairtí eile i ndáil le haistriúchán a chuirfidh sábháiltí suntasacha ar fáil do na húsáideoirí uile mar aon le feabhsuithe suntasacha i gcomhsheasmhacht agus caighdeán an aistriúcháin. Rinne Gníomhaireacht na hUltaise cur i láthair maidir lena cuid oibre laistigh de phobal na hUltaise, forbairtí suntasacha i ndáil le Scéim do na hOibrithe Pobail san áireamh.

Tuarascálacha Bliantúla agus Cuntais an Fhorais Teanga

9. Nótáil an Chomhairle go bhfuil sé i gceist Cuntais 2006 an Fhorais Teanga a leagan os comhair an Thionóil agus an Oireachtais chomh luath agus is féidir. Nótáil an Chomhairle freisin go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh maidir le Tuarascálacha agus Cuntais do na blianta 2007-2009 agus iarradh tuairisc eile ar an dul chun cinn ag an chéad chruinniú eile den CATT i bhformáid rannach an Fhorais Teanga.

Dáta an chéad chruinnithe eile

10. Chomhaontaigh an Chomhairle an chéad chruinniú eile i bhformáid rannach an Fhorais Teanga a thionól sa bhFómhar 2010.

An Chomhrúnaíocht

26 Bealtaine 2010